C/2026/3346

24.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12493 — TMUS / OHC / GREENLIGHT / GONETSPEED)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3346)

1. An 5 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— T-Mobile USA, Inc. ('TMUS', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Deutsche Telekom AG (an Ghearmáin),

— Oak Hill Capital Management, LLC ('OHC', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú OHCM Management (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Greenlight HoldCo, Inc. ('Greenlight', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú OHC (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Future Fiber Holdings, LLC ('GoNetSpeed', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú OHC (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh TMUS agus OHC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Greenlight agus GoNetSpeed, agus iad araon faoi rialú deiridh OHC roimhe seo.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní ([2]).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta teileachumarsáide gan sreang é TMUS a sholáthraíonn seirbhísí clúdaigh, gutha, teachtaireachtaí agus sonraí ar fud na tíre i Stáit Aontaithe Mheiriceá, Pórtó Ríce agus Oileáin Mhaighdean na Stát Aontaithe,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh é OHC atá dírithe go príomha ar infheistíocht a dhéanamh go téamach i ngnólachtaí seirbhíse athléimneacha cosanta atá dírithe ar fhás agus a bhfuil téamaí acu a bhfuil gealladh fúthu maidir le bonneagar digiteach, seirbhísí airgeadais agus seirbhísí fíor-riachtanacha.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Greenlight agus GoNetSpeed araon: soláthar leathanbhanda cábla snáthoptaice a fhreastalaíonn go príomha ar chustaiméirí cónaithe in Oirthuaisceart na Stát Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Aistreofar eintitis oibriúcháin Greenlight agus GoNetSpeed chuig Go HoldCo I, LLC ('an chuideachta comhfhiontair'). Gheobhaidh TMUS 50 % den scairchaipiteal agus de na cearta vótála sa chuideachta comhfhiontair go hindíreach ina dhiaidh sin. Beidh an 50 % eile den scairchaipiteal agus de na cearta vótála i seilbh go comhpháirteach ag Greenlight Parent L.P. agus Future Fiber Parent, L.P., a bhfuil an dá cheann acu faoi úinéireacht tromlaigh agus faoi rialú deiridh aonair OHC.

([3]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12493 — TMUS / OHC / GREENLIGHT / GONETSPEED

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË